# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2013

## AN LÉANN GIÚDACH — GNÁTHLEIBHÉAL

IOMLÁN NA MARCANNA: 400

DÉ CÉADAOIN, 19 MEITHEAMH — MAIDIN, 9.30 go 12.00

CUID 1: 80 MARC & CUID 2: 320 MARC

## *Treoracha d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:
2. I gCUID 1 den fhreagarleabhar seo, freagair gach ceist a leanas ar THEIDEAL A *nó* ar THEIDEAL B atá leagtha síos mar OBAIR THIONSCADAIL ar scrúdpháipéar an Léinn Ghiúdaigh sa Teastas Sóisearach in 2013. Tá na ceisteanna ar THEIDEAL A agus ar THEIDEAL B ar cómharc.
3. I gCUID 2 den fhreagarleabhar seo, freagair GACH ceist i Roinn A agus TRÍ cinn de na ceisteanna i Roinn B. Tá gach ceist i gCUID 2 ar cómharc.

*Don Fheitheoir Amháin*

*Stampa an Ionaid*

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Móriomlán na ceiste/gceisteanna dícheadaithe. | |
| 3. An marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| Nóta: Ní mór don mharc ar líne 3 thuas a bheith mar an gcéanna leis an marc sa bhosca 'IOMLÁN NA MARCANNA' thall. | |

*Don Scrúdaitheoir Amháin*

| *Cuid* | | | *Marcanna* |
|---|---|---|---|
| 1 | A | Iomlán an Teidil (80) | |
| | B | Iomlán an Teidil (80) | |
| 2 | A | Ceisteanna (80) | |
| | B | Ceist 1 (80) | |
| | | Ceist 2 (80) | |
| | | Ceist 3 (80) | |
| | | Ceist 4 (80) | |
| | | Ceist 5 (80) | |
| IOMLÁN NA MARCANNA | | | |

# CUID 1

(80 Marc)

## OBAIR THIONSCADAIL

BA CHÓIR DUIT THART AR 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT NA gCEISTEANNA I gCUID 1.

CAITHFIDH TÚ **GACH** CEIST AR **THEIDEAL A** ***NÓ*** **AR THEIDEAL B** THÍOS A FHREAGAIRT.

## TEIDEAL A

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**Cás-staidéar ar fhrithbheartaíocht na nGiúdach i gcoinne an Uileloiscthe, mar a chonacthas í le linn 'Aiséirí Gheiteo Vársá' in 1943.**

**Ceisteanna:**

**1.** Ón gcás-staidéar atá déanta agat, tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** a léiríonn an chaoi ar tharla Aiséirí Gheiteo Vársá i 1943 de bharr na géarleanúna ar an bpobal Giúdach.

(20 marc)

**2.** a. *Seo grianghraf de theach anraith i nGeiteo Vársá.*

Mínigh cúis **amháin** a raibh gá le tithe anraith i nGeiteo Vársá.


*(Foinse: United States Holocaust Memorial Museum)*

(10 marc)

b. Déan cur síos ar dhóigh **eile** a ndearna an pobal Giúdach i nGeiteo Vársá iarracht saol mar ba ghnách a bheith acu le linn an Dara Cogadh Domhanda.

(10 marc)

| DON SCRÚDAIHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**3.** ● AN FRITH-SHEIMÍTEACHAS ● CINEDHÍOTHÚ ● POGRAM

Roghnaigh **dhá** cheann de na focail thuas agus mínigh cén fáth a luaitear gach ceann acu lena raibh á fhulaingt ag pobal Giúdach Vársá le linn an Uileloiscthe (Shoah).

i. ____________

ii. ____________

(20 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**4.** ● CUMARSÁID ● FIOSRÚ/TAIGHDE ● MEASÚNÚ ● EAGRÚCHÁN ● MACHNAMH ● OBAIR NEAMHSPLEÁCH

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

Roghnaigh **dhá** cheann de na scileanna thuas a d'úsáid tú i d'obair thionscadail agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar úsáid tú gach scil acu chun staidéar a dhéanamh ar fhrithbheartaíocht na nGiúdach i gcoinne an Uileloiscthe (Shoah) mar a chonacthas í le linn Aiséirí Gheiteo Vársá i 1943.

i. *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*

(SCIL)

ii. *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*

(SCIL)

(20 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

*nó*

# TEIDEAL B

**Scrúdú ar an gcosaint a tugadh do shaoránaigh Ghiúdacha laistigh de Stát na Danmhairge le linn an Uileloiscthe (Shoah).**

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |
| | |

**Ceisteanna:**

**1.** a.



*(Foinse:jewishvirtuallibrary.org)*

Sampla de pholasaí frith-Ghiúdach na Naitsithe a bhain leis an Uileloscadh (Shoah) ba ea an ceanglas a cuireadh ar na Giúdaigh réalta bhuí a chaitheamh ar a gcuid éadaí. (Cuir ✓ sa bhosca ceart)

Fíor ☐ Bréagach ☐

(4 mharc)

b. Ón scrúdú a rinne tú ar ar tharla sa Danmhairg le linn an Uileloiscthe (Shoah), déan cur síos ar **dhá** shampla eile de pholasaithe frith-Ghiúdacha na Naitsithe.

i. ____________________

ii. ____________________

(16 mharc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

**2.** ● BREATHNÓIR ● CINÍOCHAS ● AN RÉITEACH DEIREANACH

Scrúdaigh an chaoi ar bhain **dhá** cheann acu sin thuas lenar tharla do phobal Giúdach na Danmhairge le linn an Uileloiscthe (Shoah), bunaithe ar an obair thionscadail a rinne tú.

i. ______________

ii. ______________

(20 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |



THALL →

Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**3.** Ón scrúdú atá déanta agat ar ar tharla sa Danmhairg le linn an Uileloiscthe (Shoah), déan cur síos ar shampla **amháin** den chaoi ar sábháladh beatha daoine Giúdacha ar an mbás trí chosaint ó rialtas na Danmhairge *nó* ó Dhanmhargach ar leith.

(20 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |



*Don Scrúdaitheoir amháin*

\+ =

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**4.** ● CUMARSÁID ● FIOSRÚ/TAIGHDE ● MEASÚNÚ
● EAGRÚCHÁN ● MACHNAMH ● OBAIR NEAMHSPLEÁCH

Roghnaigh **dhá** cheann de na scileanna thuas a d'úsáid tú i d'obair thionscadail agus tabhair breac-chuntas ar an gcaoi ar úsáid tú gach scil acu chun scrúdú a dhéanamh ar an gcosaint a tugadh do shaoránaigh Ghiúdacha laistigh de Stát na Danmhairge le linn an Uileloiscthe (Shoah).

i. *D'úsáid mé an scil seo nuair a…*

(SCIL)

ii. *D'úsáid mé an scil seo nuair a …*

(SCIL)

(20 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

+ =

# CUID 2

(320 Marc)

# ROINN A

BA CHÓIR DUIT THART AR 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT NA gCEISTEANNA I ROINN A THÍOS.

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**CEISTEANNA:**

**POBAIL GHIÚDACHA NA hÉIREANN AGUS AN TEAGHLACH GIÚDACH**

*Freagair A agus B.*

**A.** a. Samhlaigh go bhfuil tú ar cuairt ag teaghlach Giúdach, áit a bhfuil an Ketubbah (féach thall), ar taispeáint ann.
Tabhair breac-chuntas ar **dhá** chúis le Ketubbah a bheith ar taispeáint i dteach Giúdach.



*(Foinse:www.milechai.com)*

i. ____________________________________________

ii. ____________________________________________

(20 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| | + | = |
|---|---|---|

b. Mínigh cén fáth ar tábhachtach le daoine den chreideamh Giúdach staidéar a dhéanamh ar an Torah sa bhaile.

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |
| | |

(20 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**B.** a. *Is in Annála Inis Faithleann atá an chéad tagairt riamh do Ghiúdaigh a bheith ar cuairt in Éirinn.*

Cén bhliain acu seo a leanas inar tharla an chuairt sin?

(Cuir ✓ sa bhosca ceart)

979 ☐ 1079 ☐ 1179 ☐

(10 marc)

b. 

*(Foinse:www.jewishmuseum.ie)*

Déan cur síos ar an ról a bhí ag duine **amháin** den phobal Giúdach le linn bhunú Shaorstát Éireann.

(15 mharc)

c. Tabhair breac-chuntas ar conas a chuaigh duine **amháin** a bhain le pobal Giúdach na hÉireann i bhfeidhm ar an saol reiligiúnach *nó* ar an saol tuata in Iosrael.

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |
| | |

(15 mharc)

# ROINN B

BA CHÓIR DUIT THART AR 30 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AR **GACH** CEANN DE NA CEISTEANNA I ROINN B.

CAITHFIDH TÚ **TRÍ** CHEIST A FHREAGAIRT AS NA CÚIG CHEIST SEO A LEANAS I ROINN B THÍOS:

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**CEIST 1. CREIDIÚINTÍ AGUS TEAGASC MORÁLTA**

*Freagair A agus B.*

**A.** a. De réir an Bhíobla Eabhraise cé acu ceann de na háiteanna seo a leanas inar nochtadh ainm Dé do Mhaois? (Cuir ✓ sa bhosca ceart)

SLIABH ARAFAT ☐ SLIABH PARAN ☐ SLIABH SHÍONÁÍ ☐

(10 marc)

b. Déan cur síos ar **dhá** shampla as an mBíobla Eabhraise den chaoi ar fheidhmigh Maois mar fháidh.

i. ____________________________________________

ii. ____________________________________________

(30 marc)



*Don Scrúdaitheoir amháin*

| + | = |
|---|---|

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**B.** a. Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** ar féidir cur síos ar an nGiúdachas mar chreideamh aondiach.

(20 marc)

b. Mínigh cén fáth a bhféachann daoine den chreideamh Giúdach ar an Torah mar 'dhoiciméad beo'.

(20 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**CEIST 2. BEANNAITHEACHT SA CHREIDEAMH GIÚDACH**

*Freagair A agus B.*

**A.** a. Is é a thugtar ar shearmanas an timpeallghearrtha don leanbh Giúdach fireann ná — (Cuir ✓sa bhosca ceart)

BAR MITZVAH ☐ BRIT MILA ☐ ALIYAH A DHÉANAMH ☐

(10 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar chúis **amháin** a thugtar sa Bhíobla Eabhraise le timpeallghearradh na bhfireannach a bheith ina ghnás ag na Giúdaigh.

(20 marc)

**B.** a. *Sa traidisiún Giúdach baintear úsáid as gnásanna reiligiúnacha chun tréimhsí éagsúla i saol an duine a cheiliúradh.*

Déan cur síos ar **dhá** ghnás reiligiúnacha a bhaineann le bás Giúdaigh a chaoineadh.

i.



Don Scrúdaitheoir amháin

\+ =

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

ii.

(30 marc)

b. Scrúdaigh an chaoi a bhfuil tuiscint ar bheannaitheacht an talaimh le brath i ngnás **amháin** a bhaineann le 'Bliain na hIubhaile' sa Ghiúdachas.

(20 marc)



THALL →

**CEIST 3.** **ÁITEANNA BEANNAITHE**

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

*Freagair A agus B.*

**A.** a. Cé acu Rí Iosrael díobh seo a leanas a bhí freagrach as an chéad Teampall in Iarúsailéim a thógáil? (Cuir ✓sa bhosca ceart)

DÁIVÍ ☐ SÓL ☐ SOLAMH ☐

(10 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis a raibh an chéad Teampall in Iarúsailéim tábhachtach sa Ghiúdachas ársa.



(Foinse: www. bible-architecture.info)

i. ____________________

ii. ____________________

(30 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**B.** a. Cé acu **duine** de na rialtóirí seo a leanas a rinne an Teampall in Iarúsailéim a atógáil in aimsir na Rómhánach? (Cuir ✓ sa bhosca ceart)

| | | |
|---|---|---|
| AN BHANRÍON CLÉÓPATRA ☐ | AN RÍ HÉARÓD ☐ | AN tIMPIRE NÉARÓ ☐ |

(10 marc)

b. Is é a thugtar ar an gcuid sin den dara Teampall in Iarúsailéim atá ann go fóill ná — ______________________________

(10 marc)

c. *Seo grianghraf de shaothar dealbhóireachta a thaispeánann saighdiúirí Rómhánacha ag iompar earraí amach as an dara Teampall in Iarúsailéim.*


(Foinse:www.rhr.org)

Tabhair breac-chuntas ar chaoi **amháin** a chuaigh scrios an dara Teampall i bhfeidhm ar na pobail Ghiúdacha in Iúdá/Iúdáia.

(20 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**CEIST 4. SCRÍBHINNÍ AGUS TRÁCHTAIREACHTAÍ DIAGA**

*Freagair A agus B.*

**A.** a. Cé acu mír rannóg seo thíos den Bhíobla Eabhraise ina bhfuil na scéalta faoi Phatrarcaí Iosrael le fáil? (Cuir ✓ sa bhosca ceart)

AN DLÍ ☐ NA FÁITHE ☐ NA SCRÍBHINNÍ ☐

(10 marc)

b. *I Leabhar Eacsadas sa Bhíobla Eabhraise, tá cur síos ar an gcaoi ar threoraigh Maois pobal Iosrael as a ndaoirse san Éigipt.*

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rud a tharla a thug an deis do Mhaois an pobal Giúdach a thabhairt slán as an Éigipt.

i. ______________________________

ii. ______________________________

(30 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

**B.** a. Ba é an t-ainm a bhí ar bhean chéile Abrahám ná — (Cuir ✓ sa bhosca ceart)

HANNÁ ☐ RIBEACÁ ☐ SÁRÁ ☐

(10 marc)

b. Déan cur síos ar shampla **amháin** as an mBíobla Eabhraise den mhéid a d'inis Dia d'Abrahám faoi bhaill a theaghlaigh.



*(Foinse:thefreedictionary.com)*

(30 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |
| | |



THALL →

**CEIST 5.** **AN EABHRAIS**

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

*Freagair A agus B.*

**A.** a. Tá dhá inscne ann i ngramadach na hEabhraise. (Cuir ✓ sa bhosca ceart)

Fíor ☐ Bréagach ☐

(10 marc)

b. Tá cur síos sa Bhíobla Eabhraise ar an gcaoi a bhfuair Maois an 'Dlí' ó Dhia.

Sa Bhíobla Eabhraise is é an focal atá ar 'Dlí' ná — (Cuir ✓ sa bhosca ceart)

מדרש ☐ תלמוד ☐ תורה ☐

(10 marc)

c. Tá ainmneacha d'fhéilte Giúdacha agus a leaganacha Gaeilge tugtha thíos. Cuir ✓ sa bhosca ceart agus meaitseáil an t-ainm Eabhraise ar gach féile lena ainm i nGaeilge. Tá ainm Eabhraise féile amháin meaitseáilte lena leagan Gaeilge cheana féin mar shampla duit.

*Ainmneacha Féilte Giúdacha*

| | HANUKKAH | PÚIRÍM | YOM KIPPUR |
|---|---|---|---|
| חנוכה | ✓ | | |
| יום כפור | | | |
| פורים | | | |

(20 marc)

**B.** a. Is é an t-ainm Eabhraise atá ar an chéad leabhar den Torah ná בְּרֵאשִׁית .

Cén t-ainm Gaeilge atá ar an leabhar seo? ______________________

(10 marc)



Don Scrúdaitheoir amháin

+ =

b. Samhlaigh go gcloiseann tú raibí ag caint le grúpa mac léinn atá ar tí breithlá a dtrí bliana déag a cheiliúradh. Aistrigh go Gaeilge gach ceann de na frásaí Eabhraise seo a leanas a chloiseann tú á n-úsáid ag an raibí leis na mic léinn:

i. EABHRAIS: בר מצוה

GAEILGE: ______________________________

ii. EABHRAIS: בת מצוה

GAEILGE: ______________________________

(20 marc)

c. Léigh an comhrá thíos idir Sam agus Dan:

*Sam*: שלום עליכם

*Dan*: מזל טוב

Tá aistriúchán Gaeilge ar fáil thíos ar gach ráiteas Eabhraise thuas.

Cuir ✓sa bhosca ceart agus meaitseáil an t-aistriúchán Gaeilge agus an ráiteas Eabhraise.

| *Dúirt Sam ...* | *Dúirt Dan ...* |
|---|---|
| ☐ Go raibh maith agat. | ☐ Comhghairdeas leat. |
| ☐ Síocháin leat. | ☐ Dia leat. |

(10 marc)

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |

**BAIN ÚSÁID AS AN LEATHANACH SEO MÁ TÁ BREIS SPÁIS UAIT CHUN DO FHREAGRA AR CHEIST A CHRÍOCHNÚ.**

Sna spásanna thíos scríobh an chuid, an roinn, agus uimhir na ceiste atá á freagairt agat:

*Cuid:* ____ *Roinn:*____ *Uimhir na Ceiste:*___________

| DON SCRÚDAITHEOIR AMHÁIN | |
|---|---|
| 1 | 2 |